



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2024
COM(2024) 231 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Teicneolaíche
an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an bhFaireachán ar na cláir Fís Eorpach agus Fís
2020 in 2023**

1. CÚLRA

Tugtar forbhreathnú neamh-uileghabhálach sa tuarascáil seo ar phríomhghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) an Aontais Eorpaigh in 2023 agus ar an bhfaireachán ar na clár Fís Eorpach, Fís Eorpach 2020 agus Clár Taighde agus Oiliúna Euratom.

Dréachtaíodh í i gcomhréir le hAirteagal 190 den [Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh](#) agus le hAirteagal 7 de [Chonradh Euratom](#), i gcomhar le hAirteagal 50 de [Rialachán \(AE\) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle](#) lena mbunaítear [Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht](#) agus le hAirteagal 12 de [Rialachán \(Euratom\) 2021/765 ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh d’Fhuinneamh Adamhach](#).

2. COMHTHÉACS POLAITIÚIL AGUS FORBAIRTÍ BEARTAIS

Ba bhliain ildhúshlán domhanda í 2023. Mar thoradh ar athrú aeráide, cailteanas bithéagsúlachta, truailliú, an claochlú digiteach, bagairtí sláinte agus daonra atá ag dul in aois, tháinig éileamh láidir ar réitigh bunaithe ar T&N. Bhí tionchar freisin ag an gcomhthéacs geopholaitiúil neamhsheasmhach, go háirithe cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar cheapadh beartas T&N.

2.1 Slándáil inmheánach na hÚcráine agus an Aontais Eorpaigh

Lean an Coimisiún de [thacaíocht a chur ar fáil don Úcráin](#), ag díriú ar thrí phríomhchuspóir:

1. tacú le taighdeoirí eolaíochta agus taighdeoirí na hÚcráine san Úcráin agus i dtearmann;
2. dlús a chur le hiarrachtaí na hÚcráine i dtreo lánpháirtiú an Aontais i T&N;
3. tacú le ról T&N i gcreatanna tábhachtacha polaitiúla agus oibríochtúla chun téarnamh na hÚcráine a chur chun cinn.

Áirítear sa [togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir le Saoráid na hÚcráine](#) tagairtí tábhachtacha don bhonneagar taighde a atógáil.

Osclaíodh Oifig Fís Eorpach i gCív i mí na Nollag agus cuirfidh sí deiseanna cistithe chun cinn agus tacóidh sí le hiarratasóirí. Bhí an ócáid ina sheoladh polaitiúil freisin ar thionscnamh EUR 20 milliún chun tacú le nuálaithe ceannródaíocha na hÚcráine.

Chun slándáil inmheánach an Aontais a mhéadú, daonra agus bonneagar ríthábhachtach an Aontais a chosaint in aghaidh bagairtí cibearshlándála agus fisiceacha agus chun athléimneacht ó thubaiste a mhéadú, glacadh na bearta seo a leanas:

- chuir an tAontas a chéad [bheartas straitéiseach ilbhliantúil do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip](#) le haghaidh 2023-2027 i dtoll a chéile, agus tá T&N ina chomhpháirt trasghearrtha chun tacú le bearta amhail seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha;
- tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an [sainordú le haghaidh Ghníomhaireacht nua Drugaí an Aontais](#), a n-áirítear gníomhaíochtaí éagsúla T&N lena cúraimí;

- d'fhoilsigh an Coimisiún [Teachtaireacht maidir le dul i ngleic le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ó dhróin](#), lena sainithnítear an chaoi a dtéann taighde arna chistiú ag an Aontas i ngleic leis na bagairtí a bhaineann le dróin;
- d'eagraigh an Coimisiún [imeacht taighde slándála](#), inar tugadh le chéile níos mó ná 1 000 duine, idir lucht ceaptha beartas, thaighdeoirí, chleachtóirí slándála agus ionadaithe tionscail chun plé a dhéanamh ar conas is féidir le taighde slándála an tAontas a dhéanamh níos athléimní;
- Glacadh [Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh 2023-2027](#) chun seirbhísí cumarsáide satailíte spásbhunaithe a sholáthar don Aontas ar bhonn ghníomhaíochtaí T&N;
- d'fhorghas an Chomhairle [Straitéis athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh](#) agus a plean gníomhaíochta lena n-áirítear gníomhaíochtaí iomadúla a bhaineann le T&N a fhéachann le dul i ngleic le bagairtí nua slándála.

2.2 Uathriail straitéiseach oscailte, slándáil eacnamaíoch agus comhar idirnáisiúnta an Aontais

Is é is aidhm don [Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch](#) i gcomhréir leis an [gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta](#) oscailteacht eacnamaíoch an Aontais a áirithiú agus slándáil taighde a chosaint. Tá ról lárnach ag T&N i ngach ceann de thrí thosaíocht na Straitéise: cur chun cinn, cosaint agus comhpháirtíocht.

Cur chun cinn:

Leis an straitéis um shlándáil eacnamaíoch, cuirtear iomaíochas chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí straitéiseacha tríd an gclár Fís Eorpach atá ríthábhachtach do shlándáil eacnamaíoch, amhail leathsheoltóirí ardfhorbartha agus ríomhaireacht chandamach.

Moltar san [Ardán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip](#) tacaíocht airgeadais do theicneolaíochtaí ríthábhachtacha agus chun borradh a chur faoi athléimneacht an Aontais. Mhol an Coimisiún freisin [Gníomh um Amhábhair Chriticiúla](#) agus [Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta](#), agus iad araon ag cur tuilleadh T&N chun cinn i réimsí a mhéadóidh athléimneacht an Aontais.

Cosaint:

Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar shlándáil taighde chun uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a chosaint lena n-áirithiú go gcuirtear na huirlisí atá ann cheana i bhfeidhm go córasach agus trí aon bhearna atá fágtha a shainaitheint agus dul i ngleic leo. Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm in 2023:

- Is éard a bhí i gceist le [breithmheas slándála](#) ar thionscadail an chláir Fís Eorpach scagadh a dhéanamh ar 118 dtogra (68 in 2022), a ndeachaigh 20 díobh faoin nós imeachta um ghrinnschrúdú slándála i gcomhar le saineolaithe slándála náisiúnta;
- foráiltear leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach an deis rannpháirtíocht a theorannú chun sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais a chosaint (Airteagal 22(5));
- i gcomhréir leis [an tSraith Straitéisí chun Dul i nGleic le Trasnaíocht Eachtrach T&N](#), d'eagraigh an Coimisiún cleachtaí foghlama frithphárteacha maidir le trasnaíocht eachtrach T&N, a thug le chéile ionadaithe ó 14 Bhallstát.

Comhpháirtíocht:

Nearthaigh an Coimisiún comhar T&N le:

- na Stáit Aontaithe, [tríd an gcomhaontú déthaobhach maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta a athnuachan](#);
- Meiriceá Laidineach agus réigiún na Cairibe, áit ar cuireadh tús le treochlár straitéiseach nua a fhorbairt le haghaidh comhair ag [Cruinniú dé-réigiúnach d'Oifigigh Shinsearacha](#);
- an tAontas Afracach (AA) trí [Chlár Oibre Nuálaíochta AA-AE](#) chun acmhainn nuálaíoch an Aontais Eorpaigh agus an Aontais Afracaigh a athrú ó bhonn chun poist agus fás inbhuanaithe a chothú;
- an India, trí mheitheal um fhuinneamh glan agus glas a bhunú le linn [Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus an India](#);
- [Comhghuaillíocht an Atlantaigh Uile um Thaighde ar an Aigéan.](#), lena n-áirítear an Iorua agus an Ríocht Aontaithe.

I gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le [Dearcadh Straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an tSín](#), lean an Coimisiún leis an bplé ar chomhar idir an tAontas Eorpach agus an tSín amach anseo maidir le taighde agus nuálaíocht.

2.3 An t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach

Bhí dul i ngleic leis an athrú aeráide fós ina phríomhthosaíocht in 2023, mar is léir ó ghníomhaíochtaí iomadúla T&N an Aontais Eorpaigh a sholáthraíonn an bonn fianaise chun an [Comhaontú Glas don Eoraip](#) a chur chun feidhme:

- D'fhoilsigh an Coimisiún [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, chomh maith leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus leis an nGníomh um Amhábhair Criticiúla.](#), chun borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta na hEorpa agus chun tacú leis an aistriú chuig aeráidneodracht le gníomhaíochtaí sonracha maidir le T&N, mar shampla maidir le hidrigin ghlas;
- glacadh píosaí nua reachtaíochta an Aontais Eorpaigh, amhail [RefuelEU Aviation](#), [FuelEU Maritime](#), agus an [Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha](#);
- i mí Eanáir, thólaic an Coimisiún [Margadh Nua do Phailneoirí](#) chun tacú le taighde a dhéanamh ar phailneoirí agus ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann lena meath;
- i mí Iúil, thólaic an Coimisiún [togra le haghaidh treorach maidir le faireachán agus athléimneacht ithreach](#) agus i mí na Samhna thólaic sé [creat faireacháin le haghaidh fhoraoisí athléimneachta na hEorpa](#), chun eolas níos fearr a sholáthar ar fhoraoisí na hEorpa;
- aithnítear an ról tábhachtach a bhaineann le T&N an Aontais maidir le hoiriúnú sistéamach don athrú aeráide a chothú sa [Tuarascáil ar chur chun feidhme straitéis an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide](#) a ghabhann le [Tuarascáil 2023 an Aontais ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide](#);
- dearadh ceant feabhsaithe agus critéir dhámhachtana neamhphraghais a thacaíonn leis an nuálaíocht mar chuid den [Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chumhacht Gaoithe](#);
- i [bPlean Gníomhaíochta an Aontais le haghaidh Eangach](#) tugtar dá aire go bhfuil T&N ríthábhachtach chun go n-uasghrádófar eangacha leictreachais go heangacha

cliste ionas go ndéanfar iad go digiteach, go ndéanfar faireachán orthu i bhfíor-am, go mbeidh siad inrialaithe go cianda agus slán ó thaobh na cibearshlánda de;

- Leis an [Teachtaireacht maidir leis an athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh](#), tacaítear le forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh atá glan, éifeachtúil agus iomaíoch ó thaobh costais de trí chomhoibriú a dhéanamh i dtaighde ar fhuinneamh glan;
- rannchuidigh gníomhaíochtaí faoin [gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht](#) i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, sa gheilleagar ciorclach agus san aistriú digiteach le cuspóirí an aistrithe ghlais agus dhigitigh a bhaint amach;
- i mí na Nollag, ghlac an Coimisiún [‘an pacáiste ‘substaint amháin, measúnú amháin’](#), ina bhfuil trí thogra reachtacha chun an bonn eolais maidir le ceimiceáin a fheabhsú;
- leathnaigh an tAontas raon feidhme agus méid [an Chiste don Nuálaíocht](#), príomhionstraim chistiúcháin de chuid an Aontais chun torthaí T&N a ghlacadh agus chun teicneolaíochtaí nuálacha agus glan-nialasacha a úsáid chun an Eoraip a dhícharbónú;
- an togra maidir [leis an gceart chun deisiúcháin](#) agus tionscnaimh maidir le [micreaphlaistigh](#), chun forbairt a dhéanamh ar thorthaí thionscadail T&N an Aontais chun ciorclaíocht táirgí a fheabhsú agus truailliú micreaphlaisteach a chosc;
- sainaitníodh sa [tríú comhdháil AgriResearch](#) taighde agus nuálaíocht amach anseo sa talmhaíocht, san fhóraoiseacht agus i gceantair thuaithe;
- faoin [tionscnamh Bia 2030](#), reáchtáladh comhdháil i mí na Nollag agus eisíodh [tuarascáil](#), ina ndearnadh cur síos ar chonairí T&N chun bia a athrú ó bhonn;
- ghlac an Coimisiún an [Pacáiste Iascaigh agus Aigéin](#), lena n-áirítear an [plean gníomhaíochta muirí](#) le roinn a dhíríonn ar thaighde agus nuálaíocht a neartú;
- In 2023 glacadh [na conairí aistrithe le haghaidh ceimiceán, tógála agus teicstílí](#), lena sainaitnítear gníomhaíochtaí sonracha taighde chun an t-aistriú glas a chumasú;
- tháinig an [Gníomh Eorpach um Shliseanna](#) i bhfeidhm i Meán Fómhair 2023 arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas agus athléimneacht na hEorpa trí ghníomhaíochtaí láidre taighde i dteicneolaíochtaí agus feidhmchláir leathsheoltóra;
- ghlac an Coimisiún [Teachtaireacht](#) maidir le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais ina leagtar béim ar T&N mar cheann de na príomhchúiseanna le hiomaíochas fadtéarmach. Mar shampla, moltar dreasachtaí cánach, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus tionscadail mhórsála, go háirithe i bpríomhréimsí na teicneolaíochta glaine, an digitithe agus na bith-theicneolaíochta.

2.4 Comhpháirtíocht leis na Ballstáit

Amhail ag tús mhí na Nollag, baineadh amach 87 ngarspíoc (timpeall 14 %) as na 613 gharspíoc a bhaineann le T&N nach mór do na Ballstáit a bhaint amach chun na hÍocaíochtaí comhfhreagracha maidir leis an [tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneacha](#) a fháil. Eisíodadh EUR 5.98 billiún leis na Ballstáit, arb ionann é agus thart ar 12.5 % den tacaíocht fhoriomlán a leithdháileadh ar T&N (EUR 48 mbilliún).

In 2023, rinneadh plé déthaobhach idir an Coimisiún agus na Ballstáit a chomhdhlúthú trí [idirphléití feabhsaithe](#), a bhfuil sé d’aidhm acu cineálacha cur chuige atá saincheaptha don tír a chruthú.

Thug an tAontas tacaíocht freisin do na Ballstáit chun a gcóras T&N a fheabhsú trí chur i bhfeidhm comhbheartaithe [na Saoráide Tacaíochta Beartais](#). Bhí tionscadail shonracha don Chróit, don Ghréig agus don Rómáin i gceist leis sin agus seoladh cleachtaí foghlama frithpháirtí maidir le rannpháirtíocht na saoránach, misin taighde an Aontais, fadbhreathnaitheacht, luachshocrú eolais agus dícharbónú tionsclaíoch.

Chun borradh a chur faoi tharraingteacht gairmeacha sa taighde, i mí Iúil ghlac an Coimisiún [togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine cumasacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil](#).

Chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) nua, cuireadh córas faireacháin agus tuairiscithe i bhfeidhm agus foilsíodh an chéad [‘tuarascáil ar leibhéal an Aontais’ maidir le Faireachán LET](#) i mí na Samhna.

Reáchtáladh roinnt laethanta faisnéise spriocdhírthe i dtíortha nach raibh chomh rathúil céanna sa chuid den chlár Fís Eorpach a bhaineann le [Fairsingiú](#).

I mí Lúnasa, ghlac an Coimisiún [a thrú tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach](#), atá anois ina ionstraim dlí do thionscnaimh bhonneagair.

2.5 Gníomhaíochtaí díreacha arna gcur chun feidhme ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin

Thacaigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) le tionscnaimh iomadúla an Choimisiúin agus i measc go leor gníomhaíochtaí, rinneadh na nithe seo a leanas:

- seoladh [faireachlann an Aontais, lena gcumhdaítear dífhoraóisí agus díghrádú foraoisí ar fud an domhain](#), a chuideoidh le foraoisí a chosaint agus a athbhunú;
- seoladh an [Lárionad Eorpach um Thrédharcacht Algartamach](#), a thacóidh le hiarrachtaí chun seirbhísí digiteacha a rialáil;
- rannchuidíodh le [Tuarascáil 2023 maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach](#), tuarascáil a chuireann leis an [Tuarascáil maidir leis an Eolaíocht don Bheartas i dtaca le roghanna sóisialta agus eacnamaíocha in aistrithe inbhuanaitheachta](#);
- seoladh [Atlas na hImirce](#), ina gcuirtear sonraí ar fáil maidir leis an imirce agus ina bhfuil roinn théamach maidir le daoine a easáitíodh as an Úcráin tar éis chogadh foghach na Rúise.

3. FÍS EORPACH AGUS EURATOM A CHUR CHUN FEIDHME AGUS FAIREACHÁN A DHÉANAMH ORTHU

3.1. Fís Eorpach in 2023 – Buaicphointí & gnéithe nua

I mí an Mhárta, rinne an Coimisiún leasú ar ‘phríomhchlár’ oibre Fís Eorpach 2023-2024, chun T&N a chothú a thuilleadh chun tacú leis an tslándáil shibhialta don tsochaí agus le fuinneamh in-athnuaite, rud a mhéadaigh an buiséad don chlár oibre faoi thart ar EUR 55 mhilliún go dtí os cionn EUR 13.5 billiún san iomlán.

Chuir an Coimisiún an [critéar incháilitheachta nua](#) maidir le pleananna comhionannais inscne chun feidhme agus chruthaigh sé [Gradam nua an Aontais do Churaidh an Chomhionannais Inscne](#).

Comhlachas le Fís Eorpach

In 2023, shroich líon na [dtíortha comhlachaithe](#) 17. I mí Eanáir 2024, bhí an Ríocht Aontaithe ar an 18^ú tír chomhlachaithe.

Bhí baint chúlghabhálach ag an Nua-Shéalainn ón 1 Eanáir 2023, arbh í an chéad tír chomhlachaithe í lasmuigh de chomharsanacht gheografach an Aontais.

D’fhógair na ceannairí ag an [gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus Ceanada](#) go raibh an caibidlíocht shubstainteach tugtha chun críche. Táthar ag súil go síneofar an comhaontú lena ndéantar Ceanada a chomhlachú le Fís Eorpach i lár 2024.

I mí na Samhna, d’fhorhuinigh an Coimisiún an [Chomhthuiscint](#) a caibidlíodh idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis lenar cumasaíodh cainteanna tosaigh maidir le comhlachas na hEilvéise.

Fógraíodh seoladh na caibidlíochta foirmiúla comhlachais le Poblacht na Cóiré ag an [gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Chóiré](#) i mí na Bealtaine.

Leanadh den phlé ar an leibhéal teicniúil leis an tSeapáin agus le Singeapór maidir le hionchais chomhlachais le Fís Eorpach.


3.2. Sonraí faireacháin an Chláir Fís Eorpach

Glaonna agus ábhair

Foinse: Sonraí CPS arna n-asbhaint an 9.1.2024

Leis na 284 ghlaon ar thograí a seoladh faoi dheireadh 2023 faoi phríomhchlár oibre Fís Eorpach 2021-2022 agus 2023-2024, cumhdaíodh 1 581 ábhar taighde san iomlán le buiséad EUR 25.6 billiún. Bhí meastóireacht iomlán déanta ar 77 % de na glaonna sin faoi dheireadh 2023.

Bhí sé d’aidhm ag na hábhair a bhí beartaithe tionscadail T&N a mhealladh, rud a chuideoidh le dul i ngleic [le tosaíochtaí an Choimisiúin le haghaidh 2019-2024](#). Spreagadh nó ceanglaíodh comhar idirnáisiúnta le thart ar 28 % de na hábhair.



Fíor 1: Céatadán na n-ábhar a théann i ngleic le tosaíochtaí beartais an Choimisiúin

Fógraíodh i gclár oibre [na Comhairle Eorpaí um Thaighde](#) 4 ghlaio ar dheontais taighde cheannródaíoch a bhfuil buiséad iomlán EUR 2.12 billiún acu. Seoladh na glaonna agus rinneadh meastóireacht iomlán orthu.

Ar deireadh, chuir an [Chomhairle Nuálaíochta Eorpach](#) deiseanna cistiúcháin ar fiú thart ar EUR 1.6 billiún iad ar fáil do nuálaithe ceannródaíoch trí thrí phríomhscéim cistiúcháin: [Treo-Aimsitheoir CNE](#) (EUR 343 mhilliún), [Aistriú CNE](#) (EUR 128 milliún) agus [Luasaire CNE](#) (EUR 1.13 billiún).

Tograí tionscadail agus rátaí ratha

Foinse: *Deais na dtograí maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 2.1.2024*

Bhí an clár fós ina dhíol mór spéise agus cuireadh thart ar **64 000 togra incháilithe** isteach le¹ linn na tréimhse 2021-2023. D’fhan cáilíocht fhoriomlán na dtograí cobhsaí agus bhain leath de na tograí incháilithe (33 637, 52.6 %) tairseach an scóir meastóireachta amach agus rinne saineolaithe seachtracha measúnú orthu mar thograí ardcháilíochta.

Mhéadaigh ráta ratha na dtograí go 17.3 % (ó 15.9 % ag deireadh 2022 agus 11.9 % faoin gclár Fís Eorpach 2020). Roghnaíodh breis agus 11 000 togra le haghaidh cistithe dar luach EUR 32.6 billiún san iomlán.

Mar sin féin, tá cistiú fós in easnamh ar dhá thrían (67.2 %) de na tograí ardcháilíochta uile. Bheadh buiséad breise de thart ar EUR 54.4 billiún ag teastáil chun na tograí ardcháilíochta uile a cuireadh isteach le linn 2021-2023 a chistiú.

Deontais a síníodh

Foinse: *Deais na dtionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach, reoite an 2.1.2024*

Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na tograí, dámhadh **EUR 30.8 billiún** trí **10 674 dheontas**. Bhí roinnt deontas fós á n-ullmhú ag deireadh 2023. Is é EUR 2.9 milliún meánmhéid an deontais, níos airde ná faoin gclár Fís Eorpach 2020 (EUR 1.8 milliún). Tá an meánchistiú ón Aontas Eorpach a leithdháiltear ar dheontais aontairbhí (44 % de

¹ Faoi na glaonna atá dúnta agus a ndearnadh meastóireacht iomlán orthu amháin.

dheontais) thart ar EUR 1.2 milliún, i gcomparáid le EUR 4.2 milliún le haghaidh deontais chomhoibríocha (56 % de dheontais). Ar an meán, bíonn 11 rannpháirtí páirteach i ndeontais chomhoibríocha.

Cuid den Chlár	Tograí incháilithe	Tograí roghnaithe	Ráta ratha na dtograí (% de na tograí incháilithe)	Ranníocaíocht ón Aontas a iarradh i dtograí roghnaithe (i milliúin EUR)	Deontais shínithe	Ranníocaíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (i milliúin EUR)	Meánhéid an tionscail (rannpháirtíthe)	Meánhéid an deontais (i milliúin EUR)
Colún I - Eolaíocht den Scoth								
An Chomhairle Eorpach um Thaighde	22 856	3 235	14.2 %	5 621	2 903	4 990	1.2	1.7
Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie	17 914	2 947	16.5 %	1 684	3 090	1 719	4	0.6
Bonneagair thaighde	233	130	55.8 %	870	132	873	22.5	6.6
Colún II - Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach								
Cnuasach 1 Sláinte	2 012	438	21.8 %	3 469	439	3 408	15.5	7.8
Cnuasach 2 - an Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach	1 591	246	15.5 %	815	225	667	11.8	3.0
Cnuasach 3 - Slándáil shibhialta don tSochaí	650	94	14.5 %	424	100	428	16.7	4.3
Cnuasach 4 - Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás	4 419	906	20.5 %	5 568	891	5 223	14.2	5.9
Cnuasach 5 - an Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht	3 834	852	22.2 %	6 704	837	6 228	16.7	7.4
Cnuasach 6 - Bia, an Bithghilleagar, Acmhainní Nádirtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol	2 221	582	26.2 %	3 637	540	3 002	18	5.6
Colún III - An Eoraip Nuálach								
An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach*	5 631	843	15.0 %	1 356	830	2 165	3.2	2.6
Éiceachórais nuálaíochta na hEorpa	1 148	247	21.5 %	232	250	224	3	0.9
An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht**	21	18	85.7 %	1 173	17	913	9.7	N/B
Rannpháirtíocht a leathnú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú								
Rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a scaipeadh	1 135	404	35.6 %	807	344	796	4.1	2.3

Córas T&N na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú	233	84	36.1 %	251	76	166	12.2	2.2
Iomlán don chlár Fís Eorpach	63 898	11 026	17.3 %	32 610	10 674	30 802	6.8	2.9

Tábla 1: Tograí agus deontais shínithe in aghaidh an cholúin agus in aghaidh chuid an chláir (Foinse: Deaiseanna maidir le tograí T&N agus tionscadail T&N, reoite an 2.1.2024)

*Tá figiúirí do Luasaire CNE neamhiomlán (lín na dtograí) nó in easnamh (ranníocaíocht coinnte ón Aontas, glaonna 2021-2022)

** Tagraíonn na figiúirí do dheontais 'chlúdaigh' do PENanna EIT amháin

Dul i ngleic le tosaíochtaí beartais an Aontais

Foinse: [Ráiteas faoin gclár Fís Eorpach](#)

Tá ról suntasach ag an taighde agus ag an nuálaíocht maidir le dlús a chur leis an aistriú glas. Go dtí seo, léirítear sna réamhfhigiúirí faireacháin in éineacht le figiúirí measta 2023 rannchuidiú aeráide an chláir Fís Eorpach gar do 35 % faoi dheireadh 2023. Léirítear sna réamh-mheastacháin *ex post* go bhfuil méadú tagtha ar an gcaiteachas ar an mbithéagsúlacht ó 7.9 % in 2021 go 8.7 % in 2023.

Meastar go mbeidh suas le EUR 14 053.2 milliún i gceist le hinfheistíochtaí an chláir Fís Eorpach sa chlaohlú digiteach le haghaidh 2021-2023, nó 40 % de bhuiséad Fís Eorpach le haghaidh na mblianta sin.

In 2023, leithdháileadh EUR 50 milliún ar thionscadail arb é is príomhchuspóir dóibh comhionannas inscne a fheabhsú agus leithdháileadh thart ar EUR 1.7 billiún ar thionscadail a rannchuidíonn ar bhealach éigin le comhionannas inscne.

Iarratasóirí agus tairbhíthe

Foinse: *Deais na dtionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach, reoite an 2.1.2024*

Tá thart ar 21 894 rannpháirtí éagsúla ó **163 thír éagsúla** páirteach sna tionscadail a síníodh sna chéad trí bliana den chlár, lena n-áirítear 34.1 % ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

Is ó na Ballstáit a thagann thart ar 82.3 % de na hiarratais incháilithe a chuirtear isteach agus is ó [thíortha 'a thagann faoin bhfairsingiú'](#) a thagann beagnach 25 % de na hiarratais sin .

Chuir eintitis atá lonnaithe i dtíortha comhlachaithe 6.1 % de na hiarratais isteach agus chuir eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha 11.7 % de na hiarratais uile isteach, ar ó eagraíochtaí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe iad an leathchuid díobh.

Grúpa tíortha	Iarratais i dtograí incháilithe	% de líon iomlán na n-iarratas	Ráta ratha an iarratais	Rannpháirtíocht i ndeontais shínithe	% de na rannpháirtíochtaí uile	Rannpháirtíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (i milliún EUR)	% de ranníocaíocht iomlán an Aontais Eorpaigh i ndeontais shínithe
Na Ballstáit	268 153	82.3 %	22.1 %	61 008	84.3 %	28 334	92 %

Tíortha nach dtagann faoin bhfairsingiú	205 413	63.0 %	22.8 %	48 378	66.9 %	24 141	78.4 %
Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú	62 740	19.3 %	19.8 %	12 630	17.5 %	4 193	13.6 %
Tíortha comhlachaithe	19 761	6.1 %	19.6 %	3 929	5.4 %	2 024	6.6 %
Tríú Tíortha	37 999	11.7 %	21.6 %	7 392	10.2 %	444	1.4 %
IOMLÁN	325 913	100 %	21.9 %	72 329	100 %	30 802	100 %

Tábla 2: Tionscnamh na n-iarratasóirí

Is ó institiúidí ardoideachais (33.5 %), ó eintitis san earnáil phríobháideach (30.5 %) agus ó eagraíochtaí taighde (22.5 %) a thagann an sciar is airde rannpháirtithe.

Tháinig **méadú** ar líon na **rannpháirtithe nua** sa chlár ó 36 % in 2022 go 47 %.

Ar an iomlán, dámhadh EUR 28.3 billiún (92 % de na cistí) ar eintitis atá lonnaithe sna Ballstáit. Deonaíodh 13.6 % de na cistí d'eintitis i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú. Dámhadh os cionn EUR 2 bhilliún (6.6 %) ar eintitis atá lonnaithe i dtíortha comhlachaithe agus dámhadh EUR 444 mhilliún (1.4 %) ar thríú tíortha neamhchomhlachaithe.

Fuair FBManna 20.6 % de bhuiséad leithdháilte an chláir Fís Eorpach (EUR 6.6 billiún), agus as an méid sin fuair siad EUR 5.34 billiún i ndeontais (17 % de bhuiséad deontais leithdháilte an chláir Fís Eorpach) agus EUR 1.26 billiún in infheistíochtaí díreacha trí Chiste CNE.

Na chéad torthaí

Foinse sonraí: Deais na Príomhchonaire Tionchair reoite an 2.1.2024

Tá tacaíocht faighte ag breis agus 59 000 taighdeoir do ghníomhaíochtaí uas-scilithe faoin gclár Fís Eorpach; Is mná iad 45 % acu. Trí bliana tar éis sheoladh an chláir, baineadh torthaí amach leis na tionscadail a maoiníodh (489 dtionscadal nó 4.5 % de na tionscadail ar fad a bhí idir lámha). Go dtí seo, tá 2 843 fhoilseachán piarmheasúnaithe agus 1 804 [thoradh nuálacha](#) curtha ar fáil ag na tionscadail. Ní raibh ach 174 thionscadal (1.6 %) dúnta tráth na hanailíse seo.

Béim ar chomhpháirtíochtaí Eorpacha

Foinse sonraí: Deais na dtionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 2.1.2024

Faoi dheireadh 2023, bhí 44 cinn de na 49 gcomhpháirtíocht a sainithníodh sa chéad phlean straitéiseach de chuid an chláir Fís Eorpach 2021-2024 curtha ar bun.

Faoi na **10 gcomhghnóthas ghníomhacha** (comhpháirtíochtaí institiúidithe ar bhonn [Airteagal 187 CFAE](#)), síníodh 345 dheontas le haghaidh **EUR 2.9 billiún** san iomlán (9.5 % de chistí an chláir Fís Eorpach a deonaíodh le linn 2021-2023). Tá thart ar 3 000 eagraíocht éagsúil páirteach sna comhpháirtíochtaí, ar cuideachtaí príobháideacha iad dhá thrian díobh agus ar FBManna iad 40 % díobh. Thug tairbhíthe EUR 2.75 billiún breise isteach, arb ionann é agus 50 % d'infheistíochtaí an tionscadail. I mí na Samhna, bhain [Comhpháirtíocht na Sláinte Domhanda maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha](#), a ceapadh chun staidéar a dhéanamh ar ghalair

thógálacha a bhaineann leis an mbochtaineacht agus a ndearnadh siléig iontu, neamhspleáchas amach.

A mhéid a bhaineann leis na **comhpháirtíochtaí cómhaoinithe**, síníodh comhaontuithe deontais le hocht gcuibhreannas tairbhíthe faoi cholún II agus le cuibhreannas amháin faoi cholún III le haghaidh EUR 680 milliún san iomlán. Bhí ocht gcomhpháirtíocht eile á n-ullmhú. Ranníoc na comhpháirtíthe idir 50 % agus 70 % de na cistí (EUR 1.65 billiún breise) le haghaidh T&N.

Le **EUR 3.1 billiún** ón gclár Fís Eorpach (thart ar 10 %), tacaíodh le **comhpháirtíochtaí comhchláráithe** agus thug na comhpháirtíthe tionscadail **EUR 0.5 billiún** breise isteach. Maoiníodh 460 tionscadal le linn 2021-2023 ina raibh 3 879 n-eagraíocht éagsúla páirteach, ar FBManna iad an tríú cuid díobh.

Béim ar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)

I measc na dtorthaí a baineadh amach in 2023 bhí:

- Bhain 1 576 dhuine céim amach ó chlár mháistreachta agus dhochtúireachta a bhfuil lipéad EIT orthu;
- Chruthaigh mic léinn ó chlár EIT 72 ghnólacht nuathionscanta agus ba thoradh ar thionscadail nuálaíochta EIT 97 díobh;
- Fuair 945 ghnólacht nuathionscanta tacaíocht ó [Phobail Eolais agus Nuálaíochta EIT](#) (PENanna);
- Chuir PENanna EIT 301 táirge nó seirbhís nuálach ar an margadh.


Béim ar mhisin an Aontais

Foinse: Deaiseanna na dtograí agus na dtionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach, reoite an 02/1/2024

Cuireadh measúnú ar mhisin an Aontais i gcrích agus tuairiscíodh é sa chéad [Teachtairacht](#) ina ndearnadh anailís ar an bpróiseas roghnúcháin, ar an rialachas, ar an mbuiséad, ar an mbéim agus ar an dul chun cinn go dtí seo.

Faoi dheireadh na bliana 2023, seoladh, dúnadh agus rinneadh meastóireacht iomlán ar 36 ghlaon misin. Leis na glaonna ar thograí, mealladh 856 thogra incháilithe, ar roghnaíodh 215 díobh le haghaidh cistithe dar luach EUR 1.7 billiún san iomlán.

Síníodh 173 dheontas maidir le Fís Eorpach ina raibh 2 386 rannpháirtí le haghaidh méid iomlán EUR 1.43 billiún roinnte² mar seo a leanas thar na cúig mhisean:



Fíor 2: Deontais mhisin in %

Cé go bhfuil sé róluath measúnú iomlán a dhéanamh ar thionchar na gcúig mhisean spriocdhírthe, is féidir roinnt éachtaí roghnaithe a thuairisciú cheana féin:

² Déantar caiteachas le haghaidh tionscadail chothrománacha nó tionscadail chomhpháirteacha idir misin a roinnt go cothrom idir na misin lena rannchuidíonn na tionscadail.

- Seoladh ardán cur chun feidhme an [Mhisin maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide](#) lena gcuirtear seirbhísí ar fáil do 311 réigiún agus údarás áitiúil. Cuireadh tús leis na chéad 21 thionscadal agus chuathas i ngleic le saincheisteanna amhail réitigh ar athléimneacht aeráide a thástáil agus a léiriú.
- Faoi thús mhí na Nollag, bhí gealltanús tugtha ag breis agus 2 000 duine aonair agus 370 eagraíocht tacú leis an [Misean ‘Comhaontú Ithreach don Eoraip’](#). Roghnaíodh 20 togra eile, lena n-áirítear na chéad saotharlanna beo, le haghaidh cistithe.
- Leis an [Misean chun ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú](#), seoladh Tairseach na Seirbhísí Misin. Shínigh beagnach 600 gníomhaíocht an Chairt Mhisin.
- Leis an [Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha Cliste](#) baineadh cloch mhíle mhór amach nuair a bronnadh [an Lipéad Misean](#) ar na chéad 10 gcathair rannpháirteacha.

3.3. Grinnanailís: Splancacha faireacháin an chláir Fís Eorpach agus staidéir eile

D’fhoilsigh an Coimisiún [tuarascáil](#) agus [bileog eolais](#) maidir le rannpháirtíocht nuatheachtaithe i gcreatláir T&N an Aontais agus [bileog eolais](#) maidir le príomhshonraí cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach le haghaidh 2021-2022. D’fhoilsigh sé tuarascálacha freisin ar an gcaoi ar rannchuidigh na cláir T&N leis an [Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais](#), agus leis an [bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide](#).

3.4 Scaipeadh agus saothrú

Bhí an clár fós ag baint úsáid as na huirlisí [scaipthe](#) seanbhunaithe – [an t-ardán um Thorthaí an Chláir Fís Eorpach](#), [Treiseoir Thorthaí an Chláir Fís Eorpach](#), [Seirbhís Eolais um Thaighde agus um Fhorbraíocht Chomhphobail](#), [Deais an Chláir Fís Eorpach](#) agus [Radar Nuálaíochta an Aontais](#) chun torthaí inúsáidte a sholáthar.

Rinne sé tuilleadh gníomhaíochtaí scaipthe freisin:

- Bhronn an Coimisiún [Gradam Nuálaíochta Slándála 2023](#), lena gceiliúrtar sárshamplaí T&N a théann chun tairbhe do shlándáil shaoránaigh an Aontais.
- Thug 20 imeacht maidir le hábhair ó bhithsceimhlitheoireacht go hathléimneacht ó thubaistí faoi chuimsiú an [Chomhphobail um Thaighde agus Nuálaíocht Eorpach maidir leis an tSlándáil](#) lucht ceaptha beartas, taighdeoirí, earnáil na tionsclaíochta agus an tsochaí shibhialta le chéile le haghaidh malartuithe lena n-áirítear scaipeadh torthaí taighde slándála.
- Leis an [gCóras Faireacháin agus Faisnéise um Thaighde agus Nuálaíocht maidir le hIompar](#), rinneadh anailís ar thorthaí tionscadail T&N na hEorpa maidir le soghluaisteacht agus iompar.
- Chun an [Bhliain Eorpach um Scileanna](#) a chomórath, d’fhoilsigh an Coimisiún [Pacáiste Torthaí Cordis](#) ina léirítear obair 13 thionscadal taighde a mhaoinítear faoin gclár Fís Eorpach 2020 maidir le hoiliúint, athoiliúint agus uas-sciliú.
- I mí an Mhárta, leis an tionscnamh [Science is Wonderful!](#) cuireadh ar chumas 4 000 dalta scoile ó gach cearn den Eoraip teagmháil a dhéanamh le heolaithe mór le rá.
- I mí Mheán Fómhair, bhí [Oíche Eorpach na dTaighdeoirí](#) ar siúl i 26 thír inar mealladh breis agus 1.5 milliún cuairteoir agus inar taispeánadh an tionchar atá ag an eolaíocht ar shaol laethúil daoine.

- I mí na Bealtaine, chuir imeacht ardleibhéil clabhsúr leis an tionscadal [Tuairimí na Saoránach maidir le hAistriú Aeráide an Aontais](#), as ar tháinig treo-chláir náisiúnta agus Eorpacha dá bharr lena sainaithearnú gníomhaíocht shonrach atá le déanamh le rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach.

3.5 Clár Euratom 2021-2025 a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air

a) Gníomhaíochtaí díreacha núicléacha arna gcur chun feidhme ag JRC

Thacaigh JRC le freagairt an Choimisiúin Eorpaigh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trí faireachán comhshaoil a dhéanamh ar radaighníomhaíocht, sábháilteacht núicléach agus ullmhacht i gcomhair éigeandálaí.

D'oibrigh JRC le [Gníomhaireacht ECFE um Fhuinneamh Núicléach](#) agus rannchuidigh sé le tuarascálacha agus cás-staidéir maidir le himoibreoirí beaga núicléacha agus an ról a d'fhéadfadh a bheith acu amach anseo maidir le dícharbónú.

I réimse na gníomhaíochta Teiripe Alfa chun ailse a chóireáil, d'eagraigh JRC i gcomhar le hOllscoil Pretoria, [Siompóisiam Idirnáisiúnta Teiripe Alfa Spriocdhírthe TAT12](#).

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta, rinne JRC Scanadh Ionchais maidir le Sábháilteacht agus Slándáil Núicléach a foilsíodh i [dtuarascáil bhliantúil](#).

D'fhoilsigh JRC 111 alt piarmheasúnaithe i réimsí núicléacha amhail sábháilteacht breosla núicléach spíonta, ábhar, bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, feidhmeanna leighis nó tomhas radaíochta comhshaoil. Chuir sé 13 chúrsa oiliúna ar fáil do na Ballstáit freisin faoi chlár Ionad Oiliúna na hEorpa um Shlándáil Núicléach.

b) Gníomhaíochtaí indíreacha Chlár Taighde & Oiliúna Euratom (deontais)

I mí an Mhárta, ghlac an Coimisiún [clár oibre Euratom le haghaidh 2023-2025](#), a chuir EUR 132 mhilliún ar fáil le haghaidh taighde ar mhaithe le slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais agus na caighdeán sábháilteachta is airde á n-áirithiú ag an am céanna. Ag seoladh na hócáide, shínigh an Coimisiún dearbhú maidir le [Imoibreoir Modúlach Beag an Aontais 2030: Taighde & Nuálaíocht, Oideachas & Oiliúint](#) inar díriodh ar phríomhról T&N, oideachas agus oiliúint d'fhorbairt Imoibreoirí Modúlacha Beaga.

I mí Lúnasa, chuir an tionscadal [EURAMED Rocc-n-Roll](#) arna mhaoiniú ag Euratom, treo-chlár taighde straitéiseach i láthair le haghaidh feidhmeanna leighis na radaíochta ianúcháin ar mhaithe le cúram sláinte duine le duine níos fearr; ceann de bhunchlocha i [bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa](#) agus an [Misean Ailse](#).

D'éirigh le comhpháirtíocht chomhchistithe Euratom, EUROfusion, spriocanna taighde a bhaint amach maidir lena thríú feachtas turgnamhach deoitéiriam-tritiam ag [feiste an Thórais Eorpaigh Chomhpháirtigh](#). Rinneadh iniúchadh sna turgnaimh ar phróisis chomhleá agus ar theicnící rialaithe mar ullmhúchán do ghléasraí cumhachta comhleá amach anseo.

I mí Mheán Fómhair, sheol an Coimisiún glao ar [Dhuais Nuálaíochta SOFT 2024](#), lena aithnítear agus lena léirítear nuálaíocht sa taighde ar chomhleá agus lena dtugtar luach saothair do thaighde den scoth.

4. DEARCADH 2024

In 2024, glacfaidh an Coimisiún an chéad phlean straitéiseach eile de chuid an chláir Fís Eorpach le haghaidh 2025-2027, ina sainaitheofar tosaíochtaí T&N don dara leath den chlár Fís Eorpach. Dréachtófar clár oibre Fís Eorpach 2025 ar bhonn an chláir oibre sin.

In 2024, leanfaidh an Coimisiún de mhisin agus comhpháirtíochtaí an Aontais agus gníomhaíochtaí T&N an chláir Fís Eorpach a chur chun cinn. Trí shampla a thabhairt, déanfaidh sé ceiliúradh ar 40 bliain de chreachchlár taighde agus nuálaíochta an Aontais agus ar an ról atá acu maidir le todhchaí níos dearfaí a chruthú le linn na [Laethanta Eorpacha Taighde agus Nuálaíochta](#).